RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2312 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2022

maidir le hathróga ocht mbliana i bhfearann an lucht saothair maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh" de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 7(1) pointí (a) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go mbaileofar sonraí cruinne agus inchomparáide i bhfearann an lucht saothair, ba cheart don Choimisiún ítimí teicniúla na dtacar sonraí le haghaidh na n-athróg 8 mbliana atá le bailiú den chéad uair sna blianta 2024 agus 2025 a shonrú.

(2) Ba cheart don Choimisiún an tuairisc ar na tacair sonraí do na hathróga 8 mbliana i bhfearann an lucht saothair a shonrú maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachasúil — mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh".

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tuairisc ar na tacair sonraí le haghaidh na n-athróg ocht mbliana i bhfearann an lucht saothair maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair" agus "gnóthachtáil oideachais — mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" (an chéad chur chun feidhme in 2024) agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh" (an chéad chur chun feidhme in 2025), is san Iarscríbhinn a leagfar amach iad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164)

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tuairisc agus formáid theicniúil na n-athróg 8 mbliana i bhfearann an lucht saothair atá le bailiú maidir le "daoine óga i margadh an tsaothair", "gnóthachtáil oideachais — sonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh" (an chéad chur chun feidhme in 2024) agus "saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh" (an chéad chur chun feidhme in 2025) agus an códú atá le húsáid

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige	Cóid	Lipéid	Scagaire	Lipéid scagairí	Tacar íosta athróg	Cineál athróige
3e. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Daoine óga i margadh an saothair	LEVMATCH	Meaitseáil idir leibhéal gnóthachtála oideachais agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach	1	Tá leibhéal gnóthachtála oideachais ag teacht leis an méid a éilítear leis an bpost	15 ≤ AGE ≤ 34 agus (EMPSTAT = 1 nó EXISTPR = 2, 3)	Daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois atá fostaithe nó nach bhfuil i bhfostaíocht ach a bhí i bhfostaíocht roimhe sin	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
				2	Tá an leibhéal gnóthachtála oideachais níos airde ná mar a éilítear leis an bpost				
				3	Tá leibhéal gnóthachtála oideachais níos ísle ná mar a éilítear leis an bpost				
				Bán	Ní luaitear				
				9	Neamhbhainteach				
3e. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Daoine óga i margadh an saothair	FIELDMATCH	Meaitseáil idir an réimse oideachais is airde atá curtha i gcrích go rathúil agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach	1	An-mhór	15 ≤ AGE ≤ 34 agus (EMPSTAT = 1 nó EXISTPR = 2, 3) agus HATFIELD = 001-109	Daoine idir 15 bliana d'aois agus 34 bliana d'aois atá fostaithe nó nach raibh i bhfostaíocht ach a raibh eolas acu roimhe seo faoi réimse an oideachais is airde a chríochnaigh siad go rathúil	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
				2	A bheag nó a mhór				
				3	Méid áirithe				
				4	Méid beag				
				5	Ní raibh siad bainteach leis ar chor ar bith				
				6	Níl aon riachtanais phoist ann				
				7	Ní raibh aon réimse ar leith de cháilíocht oideachais aige nuair a bhí sé fostaithe roimhe sin				
				Bán	Ní luaitear				
				9	Neamhbhainteach				

3e. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Daoine óga i margadh an saothair	SKILLMATCH	Meaitseáil idir scileanna agus an príomhphost reatha nó an príomhphost deireanach	1 2 3 Bán 9	Tá scileanna ag teacht leis an méid a éilítear leis an bpost Tá na scileanna níos airde ná mar a éilítear leis an bpost Tá na scileanna níos ísle ná mar a éilítear leis an post Ní luaitear Neamhbhainteach	15 ≤ AGE ≤ 34 agus (EMPSTAT = 1 nó EXISTPR = 2, 3)	Daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois atá fostaithe nó nach bhfuil i bhfostaíocht ach a bhí i bhfostaíocht roimhe sin	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
4b. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Gnóthachtáil oideachais – mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh	DROPEDUC	Tréigeadh an t-oideachas foirmiúil nó an oiliúint fhoirmiúil	1 2 3 Bán 9	Stoptha nó tréigthe, uair amháin Stoptha nó tréigthe, roinnt uaireanta Níl Ní luaitear Neamhbhainteach	15 ≤ AOIS ≤ 34	Gach duine sa spriocdhaonra idir 15 agus 34 bliana d'aois	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
4b. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Gnóthachtáil oideachais – mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh	DROPEDUCLEVEL	Leibhéal ag a tréigeadh an t-oideachas foirmiúil nó an oiliúint fhoirmiúil	10 20 34 35 39 44 45	ISCED 1 Oideachas bunscoile ISCED 2 Oideachas meánscoile íochtaraí ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí - ginearálta ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí - gairmoiliúint ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí - ní fios an treoshuíomh ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach - ginearálta ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach - gairmoiliúint	DROPEDUC = 1, 2	Daoine a bhfuil oideachas foirmiúil nó oiliúint fhoirmiúil tréigthe acu (duine amháin nó roinnt)	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe

				49	ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach - ní fios an treoshuíomh				
				54	ISCED 5 Oideachas treasach gearr-thimthriallach - ginearálta				
				55	ISCED 5 Oideachas treasach gearr-thimthriallach - gairmoiliúint				
				59	ISCED 5 Oideachas treasach gearr-thimthriallach – ní fios an treoshuíomh				
				60	ISCED 6 Céim bhaitsiléara nó leibhéal coibhéiseach				
				70	ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach				
				80	ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach				
				Bán	Ní luaitear				
				99	Neamhbhainteach				
4b. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Gnóthach-táil oideachais – mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh	DROPEDUCREAS	An phríomhchúis nar cuireadh an clár oideachais foirmiúil dá dtagraítear in DROPEDUCLE-VEL i gcrích.	1	Cúiseanna airgeadais	DROPEDUC = 1, 2	Daoine a bhfuil oideachas foirmiúil nó oiliúint fhoirmiúil tréigthe acu (duine amháin nó roinnt)	Ní bhai-neann le hábhar	Bailithe
				2	Is fearr leis an duine bheith ag obair				
				3	Cúiseanna a bhaineann leis an gclár oideachais				
				4	Breoiteacht nó míchumas an duine				
				5	Freagrachtaí cúraim				
				6	Cúiseanna eile teaghlaigh				
				7	Cúiseanna pearsanta eile				
				8	Cúiseanna eile				
				Bán	Ní luaitear				
				9	Neamhbhainteach				

4b. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Gnóthachtáil oideachais – mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh	MEDLEVQUAL	Meáncháilíochtaí gnóthachtála oideachais	1 2 Bán 9	Cáilíocht fhoirmiúil amháin ar a laghad lena ngabhann gairm-threoshuíomh ar leibhéal 3 nó 4 ISCED Cáilíochtaí foirmiúla lena ngabhann treoshuíomh ginearálta amháin ar leibhéal ISCED 3 nó 4 Ní luaitear Neamhbhainteach	15 ≤ AGE ≤ 34 agus HATLEVEL = 540-800	Daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois a bhfuil leibhéal oideachais bainte amach acu atá cothrom le nó níos airde ná ISCED 5	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CHCARRES	Freagrachtaí cúraim rialta a bheith ann do leanaí 14 bliana d'aois nó faoina bhun	1 2 3 4 5 Bán 9	Gan aon fhreagracht cúraim a bheith orthu dá leanaí féin nó do chlann clainne dá gcuid féin nó de chuid a gcéile Cúram do pháistí féin nó páistí do chéile ort, agus iad ina gcónaí in aon teach amháin. Cúram do pháistí féin nó páistí do chéile ort, duine amháin díobh ar a laghad ina chónaí sa teach céanna agus duine amháin ina cónaí taobh amuigh den teach. Cúram do pháistí féin nó páistí do chéile ort, agus iad go léir ina gcónaí lasmuigh den teach Cúram do gharchlainne féin nó garchlann do chéile ort (iad ina gcónaí laistigh nó lasmuigh den teach) (gan do pháistí féin ná páistí do chéile a bheith faoi do chúram) Ní luaitear Neamhbhainteach	18 ≤ AOIS ≤ 74	Gach duine sa spriocdhaonra idir 18 agus 74 bliana d'aois	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe

3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CHCARAGE	Aois an pháiste nó an gharpháiste is óige atá faoi do chúram	00-14 Bán 99	Aois an pháiste nó an gharpháiste is óige atá faoi do chúram Ní luaitear Neamhbhainteach	CHCARRES = 3-5	Daoine a bhfuil cúram páiste amháin ar a laghad orthu, páiste a chónaíonn lasmuigh den teach nó garpháiste amháin (a chónaíonn laistigh nó lasmuigh den teach)	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CHCARUSE	Úsáid seirbhísí cúraim leanaí	1 2 3 Bán 9	Tá, do gach páiste Tá, i gcás roinnt páistí Níl Ní luaitear Neamhbhainteach	CHCARRES = 2-4	Daoine a bhfuil cúram a bpáistí féin nó páistí a gcéile orthu agus iad ina gcónaí laistigh nó lasmuigh den teach.	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CHCAROBS	An phríomhchúis le gan seirbhísí cúraim leanaí a úsáid	1 2 3 4 5 6 7 Bán 9	Níl aon seirbhís inrochtana ná le fáil Costas Easpa cáilíochta nó constaic eile ina bhacainn ar úsáid na seirbhíse Is fearr liom féin cúram a shocrú nó i gcomhar le mo chéile Is fearr liom cúram a shocrú le tacaíocht bhreise neamhfhoirmiúil Tugann na páistí aire dóibh féin Cúiseanna (pearsanta) eile Ní luaitear Neamhbhainteach	CHCARUSE = 2, 3	Daoine nach n-úsáideann seirbhísí cúram leanaí gairmiúla nó daoine nach n-úsáideann seirbhísí cúraim leanaí gairmiúla ach do chuid dá gclann	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe

3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	ELCARRES	Freagrachtaí maidir le cúraim rialta a bheith ann do ghaolta atá 15 bliana d'aois agus os a chionn, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	1	Níl aon chúram ar an gcéile nó ar ghaolta eile atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	18 ≤ AOIS ≤ 74	Gach duine sa spriocdhaonra idir 18 agus 74 bliana d'aois	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
				2	Cúram an chéile, agus an duine sin amháin, ar an duine i gceist, céile atá tinn, lag nó faoi mhíchumas agus atá ina chónaí laistigh den teach				
				3	Cúram an chéile, agus an duine sin amháin, ar an duine i gceist, céile atá tinn, lag nó faoi mhíchumas agus atá ina chónaí laistigh den teach				
				4	Cúram na ngaolta ar an duine i gceist, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas, agus iad uile ina gcónaí laistigh den teach				
				5	Cúram na ngaolta ar an duine i gceist, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas, agus duine gaolta amháin díobh ar a laghad ina chónaí lasmuigh den teach				
				6	Cúram na ngaolta ar an duine i gceist, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas, agus iad go léir ina gcónaí lasmuigh den teach				
				Bán	Ní luaitear				
				9	Neamhbhainteach				

3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	ELCARINT	Déine an chúraim do ghaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	1 2 3 4 5 6 Bán 9	Níos lú ná 5 uair an chloig sa tseachtain Idir 5 uair agus 10 n-uaire an chloig sa tseachtain Idir 10 uair agus 20 n-uaire an chloig sa tseachtain Idir 20 uair agus 30 n-uaire an chloig sa tseachtain Idir 30 uair agus 40 n-uaire an chloig sa tseachtain 40 uair an chloig sa tseachtain nó níos mó Ní luaitear Neamhbhainteach	ELCARRES = 2-6	Daoine a bhfuil cúram gaolta orthu, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CAREFFEM	Éifeacht na bhfreagrachtaí cúraim ar fhostaíocht	1 2 3 4 5 6 7 8 Bán 9	Post nó fostóir athraithe As láthair ón obair faoi láthair, lena n-áirítear saoire Uaireanta oibre laghdaithe faoi láthair, lena n-áirítear uaireanta oibre páirtaimseartha nó laghdaithe Ag obair go cianda faoi láthair ar bhonn rialta Sceideal oibre coigeartaithe faoi láthair, gan am oibre a athrú Ag obair ar chúraimí nach bhfuil chomh dian céanna faoi láthair mar chuid den phost Coigeartuithe eile a bhaineann leis an obair Gan aon choigeartú a bhaineann leis an obair i bhfeidhm Ní luaitear Neamhbhainteach	(CHCARRES = 2-5 nó ELCARRES = 2-6) agus EMPSTAT = 1	Daoine atá fostaithe a bhfuil cúram a ngarpháistí féin nó garpháistí a gcéile nó cúram gaolta orthu, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe

3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	WORKOBS	An phríomhchonstaic ag an obair chun saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	1 2 3 4 5 6 Bán 9	Uaireanta fada oibre Sceidil oibre deacra nó gan bheith in ann iad a thuar Post éilitheach nó an-tuirsiúil Comaitéireacht fhada Bacainní eile a bhaineann leis an obair Níl aon bhacainn ann a bhaineann leis an obair Ní luaitear Neamhbhainteach	(CHCARRES = 2-5 nó ELCARRES = 2-6) agus EMPSTAT = 1	Daoine atá fostaithe a bhfuil cúram a ngarpháistí féin nó garpháistí a gcéile nó cúram gaolta orthu, gaolta atá tinn, lag nó faoi mhíchumas	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	CHNUMBER	Líon páistí a tógadh ag an duine i gceist	0-98 Bán 99	Líon páistí a tógadh ag an duine i gceist Ní luaitear Neamhbhainteach	18 ≤ AOIS ≤ 54	Gach duine sa spriocdhaonra idir 18 agus 54 bliana d'aois	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	PARLEAV	Úsáid saoire teaghlaigh	1 2 3 4 Bán 9	Saoire mháithreachais nó atharthachta amháin Saoire tuismitheora, agus sin amháin Meascán de shaoirí teaghlaigh Níl aon saoire teaghlaigh ar fáil Ní luaitear Neamhbhainteach	CHNUMBER = 01-98 agus (EMPSTAT = 1 nó EXISTPR = 2 nó 3)	Daoine atá fostaithe faoi láthair nó roimhe seo a bhfuil páiste amháin féin ar a laghad tógtha acu le linn an tsaoil	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe

3f. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh	PARLENG	Fad na saoire teaghlaigh úsáidte	1	Suas le 1 mhí amháin	PARLEAV = 1-3	Daoine a bhfuil saoire teaghlaigh glactha acu	Ní bhaineann le hábhar	Bailithe
				2	Níos mó ná 1 mhí suas le 2 mhí				
				3	Níos mó ná 2 mhí suas le 6 mhí				
				4	Níos mó ná 6 bhliain agus suas le 3 bliana;				
				5	Níos mó ná 1 bhliain agus suas le 3 bliana;				
				6	Níos mó ná 3 bhliain suas le 5 bliana				
				7	Breis agus 5 bliana				
				Bán	Ní luaitear				
				9	Neamhbhainteach				